

Tá Údarás Uchtála na hÉireann ag iarraidh Ceann Acmhainní Daonna agus Forbartha Foirne buan (Príomhoifigeach Cúnta) a earcú anois. Beidh an té sin lonnaithe i nDroichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4. Tá obair chumaisc ar fáil leis an bpost seo faoi réir ag cineál na ndualgas agus i gcomhréir le Beartas an Údaráis maidir le hObair Chumaisc.

Is ball tábhachtach den fhoireann bainistíochta sinsearaí é an Ceann Acmhainní Daonna agus Forbartha Foirne, a chuireann cuspóirí i bPleananna Straitéiseacha agus sa Phlean Gnó Bliantúil i bhfeidhm agus a thacaíonn leo. Déanfaidh an Príomhoifigeach Cúnta bainistiú ar gach gné d'fheidhmeanna earcaíochta an Údaráis; cinnteoidh sé/sí go gcuirfidh an fheidhm AD seirbhís chuimsitheach ar fáil do gach ball foirne; déanfaidh sé/sí tionscnaimh bainistithe athruithe a fhorbairt agus a stiúradh chun sástacht na bhfostaithe agus coinneáil na foirne a fheabhsú; forbróidh sé/sí cláir agus tionscnaimh chun caipiteal daonna a thógáil agus a fhorbairt, chomh maith le cultúr láidir d'fhorbairt fostaithe a chothú agus comhlíontacht le rialacháin reachtúla, CPSA agus treoirlínte DPER a chinntiú.

Déanfaidh an Ceann AD agus Forbartha Foirne bainistiú ar an bhfoireann AD de thriúr ball foirne ó leibhéal an Oifigigh Chléireachais go dtí leibhéal an Ardoifigigh Feidhmiúcháin.

Tá an scála tuarastail do Phríomhoifigeach Cúnta RPP idir €81,475 agus €111,822 in aghaidh na bliana (agus dhá incrimint fhadtéarmacha san áireamh) as seachtain 35-uar an chloig. Tabhair do d'aire go mbeidh an ráta pá tosaigh ag an gcéim is ísle den scála, de réir Chiorclán E100/8/82 ón Rialtas. D'fhéadfadh imthosca eisceachtúla a bheith i bhfeidhm maidir le hiarrthóirí atá ag obair sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí faoi láthair.

Saoire Bhliantúil: 30 lá in aghaidh na bliana ar bhonn seachtain cúig lá, gan laethanta saoire poiblí san áireamh.

Soláthraíonn Údarás Uchtála na hÉireann pacáiste sochar den scoth, lena n-áirítear scéim pinsean ranníocach agus an deis chun tuilleadh oiliúna agus forbartha a dhéanamh.

Spriocdháta: 12 nóin, Dé Máirt, an 22 Eanáir 2026

Tabhair do d'aire, fiú má bhaineann iarratasóirí ceanglais incháilitheachta an chomórtais amach, tá coinne leis go mbeidh líon chomh hard sin daoine ag cur isteach ar an bpost nach mbeidh sé praiticiúil gach aon duine a chur faoi agallamh.